Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2025 (OR. en)**

**13093/25**
**ADD 1**

**ENV 871**
**CLIMA 356**
**FORETS 73**
**AGRI 437**
**DELACT 136**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 6310 final - Annexes 1 to 3 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann leis an<br>Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún<br>lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhodh eolaíochtbhunaithe a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar éagsúlacht pailneoirí agus ar dhaonraí pailneoirí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 6310 final - Annexes 1 to 3.

Faoi iamh: C(2025) 6310 final - Annexes 1 to 3

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.9.2025
C(2025) 6310 final

ANNEXES 1 to 3

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann leis an**

**Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhodh eolaíochtbhunaithe a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar éagsúlacht pailneoirí agus ar dhaonraí pailneoirí**

# IARSCRÍBHINN I

## AN LÍON ÍOSTA LÁITHREÁN FAIREACHÁIN

| Ballstát | An líon íosta láithreán faireacháin |
|---|---|
| an Bheilg | 60 |
| an Bhulgáir | 80 |
| an tSeicia | 70 |
| an Danmhairg | 50 |
| an Ghearmáin | 90 |
| an Eastóin | 50 |
| Éire | 40 |
| an Ghréig | 80 |
| an Spáinn | 100 |
| an Fhrainc | 120 |
| an Chróit | 70 |
| an Iodáil | 100 |
| an Chipir | 40 |
| an Laitvia | 50 |
| an Liotuáin | 50 |
| Lucsamburg | 40 |
| an Ungáir | 70 |
| Málta | 30 |
| an Ísiltír | 50 |
| an Ostair | 80 |
| an Pholainn | 70 |
| an Phortaingéil | 70 |
| an Rómáin | 80 |
| an tSlóivéin | 70 |

| | |
|---|---|
| an tSlóvaic | 70 |
| an Fhionlainn | 70 |
| an tSualainn | 70 |

## IARSCRÍBHINN II

## AN COMHTHÁSCAIRE PAILNEOIRÍ

1. Rialacha ginearálta

(1) Beidh an comhtháscaire pailneoirí atá le ríomh le haghaidh gach Ballstáit bunaithe ar na sonraí a bhailítear de bhun Airteagail 5 agus 6. Ní chuirfear san áireamh leis ach amháin taifeadtaí na n-eiseamal a shainaithnítear ar leibhéal an speicis de bhun Airteagal 8. Ní chuirfear speicis choimhthíocha san áireamh leis.

(2) Leis an gcomhtháscaire pailneoirí, comhcheanglófar tomhais na dtreochtaí i bhflúirse agus éagsúlacht spriocspeiceas coitianta. Ríomhfar na treochtaí sin le haghaidh gach tréimhse measúnaithe agus gach grúpa thacsanomaíoch dá dtagraítear in Airteagal 2 bunaithe ar na hinnéacsanna flúirse speiceas bliantúla agus ar na hinnéacsanna éagsúlachta speiceas bliantúla a bhunaítear i gcomhréir le ranna 2 agus 3.

2. Innéacsanna flúirse speiceas bliantúla

(1) Déanfar innéacs flúirse speiceas- sonrach a ríomh go bliantúil maidir le gach speiceas a bhreathnaítear i mBallstát bunaithe ar an modheolaíocht le haghaidh innéacs flúirse ginearálaithe ar a dtugtar tuairisc in Dennis *et al.* (2016)[1].

(2) Ní chuirfear san áireamh san innéacs flúirse speiceas-sonrach dá dtagraítear i mír (1) ach na speicis a breathnaíodh i mBallstát 25 huaire in aghaidh na bliana ar a laghad, ar an meán, le linn na tréimhse measúnaithe.

(3) Féadfar an mhodheolaíocht le haghaidh innéacs flúirse ginearálaithe a fheabhsú trí na dálaí a thaifeadtar de bhun Airteagal 5(6), pointí (a) go (f) le haghaidh na speiceas dá dtagraítear in Airteagal 5(1), agus de bhun Airteagal 6(5), pointí (a) go (f) le haghaidh leamhain oíche, a chur san áireamh.

(4) Déanfar innéacs flúirse ilspeiceas a ríomh go bliantúil le haghaidh gach grúpa thacsanomaíoch trí úsáid a bhaint as na hinnéacsanna speiceas- sonracha bliantúla dá dtagraítear i mír (1), bunaithe ar an modheolaíocht ar a dtugtar tuairisc in Freeman *et al*. (2021)[2].

3. Innéacsanna éagsúlachta speiceas bliantúla

(1) Déanfar innéacs éagsúlachta speiceas láithreánsonrach a ríomh go bliantúil le haghaidh gach láithreáin faireacháin agus gach grúpa thacsanomaíoch trí úsáid a bhaint as modheolaíocht Innéacs Éagsúlachta Shannon- Wiener[3].

(2) Déanfar innéacs éagsúlachta speiceas a ríomh go bliantúil le haghaidh gach grúpa thacsanomaíoch agus úsáid á baint as na hinnéacsanna éagsúlachta speiceas láithreánsonracha uile dá dtagraítear i mír (1), agus úsáid á baint as an modheolaíocht ar a dtugtar tuairisc in Freeman *et al*. (2021).

4. Treochtaí i bhflúirse speiceas agus in éagsúlacht speiceas

---

[1] Dennis, E.B., Morgan, B.J.T., Freeman, S.N., Brereton, T.M. agus Roy, D.B. (2016), *A Generalized Abundance Index for Seasonal Invertebrates. Biometrics* 72: 1305-1314. https://doi.org/10.1111/biom.12506

[2] Freeman, S.N., Isaac, N.J.B., Besbeas, P., Dennis, E.B. agus Morgan, B.J.T. (2021), *A Generic Method for Estimating and Smoothing Multispecies Biodiversity Indicators Using Intermittent Data. JABES* 26: 71–89. https://doi.org/10.1007/s13253-020-00410-6

[3] Allaby, M. (2020) *A Dictionary of Zoology* (an 5ú heagrán). Oxford University Press, Oxford. doi: 10.1093/acref/9780198845089.001.0001.

(1) Leis an modheolaíocht ar a dtugtar tuairisc in Freeman *et al.* (2021) thuas soláthrófar na treochtaí sa fhlúirse speiceas bunaithe ar na hinnéacsanna flúirse ilspeiceas dá dtagraítear i roinn 2, mír (4), agus soláthrófar léi na treochtaí san éagsúlacht speiceas bunaithe ar na hinnéacsanna éagsúlachta speiceas dá dtagraítear i roinn 3, mír (2) le linn gach tréimhse measúnaithe.

(2) Maidir leis an gcéad tréimhse mheasúnaithe, cuirfear srian leis an modh dá dtagraítear i mír (1) chun líne dhíreach a chur ar fud luachanna bliantúla na n-innéacsanna flúirse ilspeiceas agus na n-innéacsanna éagsúlachta speiceas.

(3) Maidir leis na tréimhsí measúnaithe tar éis 2030, ríomhfar treochtaí atá déanta réidh, agus cinnfear réidhe na dtreochtaí trí úsáid a bhaint as an gcur chuige ar a dtugtar tuairisc in Massimino *et al.* (2025)[4].

5. An comhtháscaire pailneoirí a ríomh

(1) Maidir le gach tréimhse mheasúnaithe, cinnfear dóchúlacht treochta dearfaí ar leithligh le haghaidh na dtreochtaí i bhflúirse speiceas agus na dtreochtaí in éagsúlacht speiceas le haghaidh gach grúpa thacsanomaíoch. Tiontófar na dóchúlachtaí sin ina gcóimheas corrlach.

(2) Ríomhfar toradh na gcóimheas corrlach uile dá dtagraítear i mír (1).

(3) Déanfar toradh na gcóimheas corrlach uile dá dtagraítear i mír (2) a thiontú ar ais go comhdhóchúlacht go bhfuil flúirse speiceas agus éagsúlacht speiceas araon ag méadú ar fud na ngrúpaí tacsanomaíocha uile. Is éard a bheidh sa chomhdhóchúlacht sin an comhtháscaire pailneoirí, rud a sholáthrófar ag eatramh muiníne 90 %.

[4] Massimino, D., Baillie, S.R., Balmer, D.E., Bashford, R.I., Gregory, R.D., Harris, S.J., Heywood, J.J.N., Kelly, L.A., Noble, D.G., Pearce-Higgins, J.W., Raven, M.J., Risely, K., Woodcock, P., Wotton, S.R. agus Gillings, S. (2025), *The Breeding Bird Survey of the United Kingdom. Global Ecology and Biogeography* 34: e13943. https://doi.org/10.1111/geb.13943

# IARSCRÍBHINN III

## TÁSCAIRE MAIDIR LE SAIBHREAS SPEICEAS PAILNEOIRÍ

(1) Ríomhfar innéacs maidir le saibhreas speiceas pailneoirí go bliantúil le haghaidh gach Ballstáit bunaithe ar na sonraí a bhailítear de bhun Airteagail 5, 6 agus 7. Ní chuirfear san áireamh leis ach taifeadtaí ar na heiseamail a shainaithnítear ar leibhéal an speicis de bhun Airteagal 8. Ní chuirfear speicis choimhthíocha san áireamh leis.

(2) Maidir le gach tréimhse mheasúnaithe, beidh an measúnú bunaithe ar anailís chúlchéimnithe líneach ar na hinnéacsanna bliantúla maidir le saibhreas speiceas dá dtagraítear i mír (1).

(3) Ríomhfar an táscaire maidir le saibhreas speiceas pailneoirí mar fhána na líne cúlchéimnithe.